# An Mhí
# Meath

**Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018–2022**

Culture and Creativity Strategy 2018–2022



creative.ireland.ie

An Ghráinseach Nua
*Newgrange*

# Ábhar
# Contents


1 Réamhrá an Chathaoirleach
*Cathaoirleach's Foreword*

2 Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh
*Chief Executive's Foreword*

3 Cultúr agus Cruthaitheacht i gComhairle Contae na Mí
*Culture and Creativity in Meath County Council*

4 Fís Éire Ildánach do Chomhairle Contae na Mí
*The Creative Ireland Vision for Meath County Council*

5 Luachanna Éire Ildánach i gComhairle Contae na Mí
*The Creative Ireland Values in Meath County Council*

6 Tosaíochtaí Straitéiseacha do Chomhairle Contae na Mí
*Strategic Priorities for Meath County Council*

7 Feidhmiú
*Implementation*

# 1 Réamhrá an Chathaoirleach
## Cathaoirleach's Foreword

TÁ FÁILTE MHÓR roimh fhorbairt Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Chontae na Mí 2018–2022. Tá an straitéis seo mar chuid de chlár Éire Ildánach an Rialtais, atá ag iarraidh gach duine inár sochaí a spreagadh chun a gcumas cruthaitheachta iomlán a bhaint amach agus tá sé mar aidhm aici cultúr a chur i gcroílár gach beartais rialtais. Tá Comhairle Contae na Mí bródúil as a bheith chun tosaigh ag tacú le réimsí na n-ealaíon, na hoidhreachta agus na litríochta i gContae na Mí, ar tacaíocht í a chinntíonn go mbeidh saoránaigh an chontae rannpháirteach sa chultúr agus go mbeidh an bhaint a bheidh acu leis fiúntach. Is earnáil bhríomhar í Earnáil Chultúir na Mí, a chuimsíonn réimse leathan daoine, áiteanna agus gníomhaíochtaí. Cónaíonn agus oibríonn ealaíontóirí ó chuid mhór disciplíní i gContae na Mí agus, in éineacht le heagraíochtaí gairmiúla ealaíon agus grúpaí amaitéaracha agus pobail atá gníomhach i gcúrsaí cultúir, tá stór suntasach tallainne ealaíne agus fiontraíochta ann sa chontae.

Oibríonn foireann Sheirbhísí Cultúir Chomhairle Contae na Mí go dlúth le healaíontóirí, le daoine aonair agus le pobail chun rochtain ar ghníomhaíochtaí cultúir, agus feasacht fúthu agus rannpháirtíocht iontu, a mhéadú i ngach disciplín agus i ngach earnáil den tsochaí sa chontae. Baintear amach é seo trí shraith bhliantúil imeachtaí cultúrtha a chur ar fáil lena n-áirítear tionscadail oidhreachta, ceoil, damhsa, amharclainne, amharc-ealaíon, litríochta agus ealaíon rannpháirtíochta. Tríd an tsraith sin, cuirtear réimse leathan deiseanna maoinithe ar fáil do dhaoine aonair agus grúpaí, amaitéaracha agus gairmiúla araon, chomh maith le seirbhís chuimsitheach faisnéise agus chomhairle a sholáthar. Feidhmíonn sí freisin mar éascaitheoir d'eagraíochtaí cultúir agus tá ról mór aici maidir leis an dea-chleachtas a fhorbairt sa chontae.

THE DEVELOPMENT OF County Meath's *Culture and Creativity Strategy 2018–2022* is very welcome. This strategy forms part of the Government's Creative Ireland programme, which seeks to encourage everyone in our society to realise their full creative potential and aims to put culture at the heart of all government policies. Meath County Council is proud to be at the forefront of support for the arts, heritage and literature in Meath, support for which ensures meaningful cultural engagement and participation for the county's citizens. The cultural sector in Meath is a vibrant one, encompassing a broad range of people, places and activities. Artists of many disciplines live and work in Meath and, together with professional arts organisations and amateur and community groups engaged in cultural activity, there is a considerable pool of artistic talent and enterprise in the county.

Meath County Council Cultural Services team works closely with artists, individuals and communities to increase access to, awareness of and participation in cultural activities across all disciplines and sectors of society in the county. It achieves this through the provision of an annual series of cultural events which includes heritage, music, dance, theatre, visual art, literature and participatory arts projects. It provides a wide variety of funding opportunities for individuals and groups, both amateur and professional, and a comprehensive information and advice service. It also acts as a facilitator for cultural organisations and plays a major role in the development of good practice for the county.



Leagtar amach i Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Chontae na Mí 2018 an fhís atá againn go mbeidh sé ar chumas gach duine i gContae na Mí a c(h)umas cruthaitheachta féin a bhaint amach go hiomlán. Leagtar amach inti na luachanna atá againn maidir le comhoibriú, uilechuimsitheacht agus cumhachtú chun go mbeidh sé níos éasca do gach saoránach a bheith rannpháirteach sa chultúr agus rochtain a fháil air. Is ionann í agus ár ráiteas maidir leis an rún straitéiseach atá againn chun fís Éire Ildánach a chur ar fáil sa chontae agus léirítear inti mar a chuirfear ár dtosaíochtaí téamacha agus cláir le chéile agus i bhfeidhm sa tréimhse cúig bliana dar tús 2018.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le foireann Éire Ildánach ag leibhéal náisiúnta, foireann na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus foireann Chomhairle Contae na Mí, go háirithe foireann na Seirbhísí Cultúir, as a gcuid oibre ar an straitéis thábhachtach seo. Táim ag tnúth leis an tairbhe a bhainfidh gach saoránach i gContae na Mí tairbhe as torthaí na straitéise seo a fheiceáil sna míonna agus sna blianta amach romhainn.

**An Comhairleoir Tom Kelly**
Cathaoirleach, Comhairle Chontae na Mí

Meath's *Culture and Creativity Strategy 2018–2022* sets out our vision for enabling every person in Meath to realise fully his or her creative potential. It establishes our values of collaboration, inclusivity and empowerment to facilitate participation in and access to culture for every citizen. It is our statement of strategic intent for delivering the Creative Ireland vision in our county and demonstrates how our thematic and programmatic priorities will be formulated and implemented over the five-year period commencing in 2018.

I would like to thank the Creative Ireland team at national level, the staff at the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht, and the staff of Meath County Council, in particular the Cultural Services team, for their work on this important strategy. I look forward to seeing the outputs of the strategy reap dividends for all citizens in County Meath in the coming months and years.

**An Comhairleoir Tom Kelly**
Cathaoirleach, Meath County Council

# 2 Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh
## Chief Executive's Foreword

TÁ CLÁR ÉIRE Ildánach bunaithe ar théamaí na féiniúlachta, an chultúir agus na saoránachta agus is iad cumarsáid, pobal, rannpháirtíocht, uilechuimsitheacht agus cumhachtú na príomhphrionsabail oibriúcháin. Tá ról ríthábhachtach ag Comhairle Contae na Mí maidir le clár Éire Ildánach a chur ar fáil go háitiúil agus tá sainordú aici Colún 2 den chlár – Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal a chur ar fáil trínár bhFoireann Seirbhísí Cultúir. Réitíonn ár dtiomantas i leith eispéireas fiúntach a chruthú dár saoránach an bealach chun rannpháirtíocht sna healaíona, san oidhreacht agus sa chultúr, agus rochtain orthu, a chur chun cinn anois agus don todhchaí.

Agus leas á bhaint as an taithí a fuarthas ó chláir rathúla amhail 'My Tara', 'Mary Lavin Season' agus an 'Francis Ledwidge Centenary', táimid ag tnúth anois le tionscadail níos iontaí a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le pobail agus le geallsealbhóirí sna blianta amach romhainn. Le roinnt blianta anuas, tá líon mór coimisiún curtha ar bun inar cuimsíodh raon leathan disciplíní lena n-áirítear na hamharcealaíona, dealbhóireacht, amharclannaíocht agus ceol. Tá sé mar aidhm ag na gníomhartha sin tacú le beartas an Údaráis Áitiúil i leith cuidiú le hiarrachtaí ealaíne ardchaighdeáin, deiseanna fostaíochta a chur ar fáil d'ealaíontóirí agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach agus seasmhacht do na healaíona i gContae na Mí a chinntiú.

THE CREATIVE IRELAND Programme is built around themes of identity, culture and citizenship with the core operating principles of collaboration, communication, community, participation, inclusivity and empowerment. Meath County Council has a crucial role in the local delivery of the Creative Ireland programme and is mandated, through our Cultural Services Team, to deliver Pillar 2 of the programme – Enabling Creativity in Every Community. Our commitment to creating meaningful experiences for our citizens paves the way to promoting participation in and access to arts, heritage and culture now and for the future.

Building on the success of programmes such as 'My Tara', 'Mary Lavin Season', and the 'Francis Ledwidge Centenary' we now look forward to developing even more exciting projects in partnership with communities and stakeholders in the years ahead. Recent years have seen many commissions covering a wide range of disciplines including visual arts, sculpture, theatre and music. These actions are intended to support the Local Authority policy of assisting quality artistic endeavour, providing employment opportunities for artists and ensuring long-term sustainability and durability for the arts in Meath.



Thug Foireann Seirbhísí Cultúir Chomhairle Contae na Mí faoi phróiseas an-leathan rannpháirtíochta, comhairliúcháin agus anailíse in éineacht leis na príomh-gheallsealbhóirí agus leis an bpobal i gcoitinne chun teacht ar na tosaíochtaí straitéiseacha le haghaidh forbairt chultúrtha atá leagtha amach anseo. D'fhreastail breis is ochtó geallsealbhóir ar sheisiún chomhairliúcháin phoiblí sa Solstice Arts Centre i gCo. na Mí i mí Aibreáin na bliana 2017. Ba é an aidhm a bhí leis sin scrúdú a dhéanamh ar an tslí inar féidir le Contae na Mí cúnamh suntasach a thabhairt do Chlár Éire Ildánach agus leas á bhaintas na hacmhainní cultúrtha agus cruthaitheacha ar leith atá ag an gcontae. Ghlac Ealaíontóirí, Saineolaithe Staire Áitiúla agus Cleachtóirí Oidhreachta, Ceoltóirí, Damhsóirí, Aisteoirí, agus Ceardaithe páirt ann go díograiseach. Dhírigh cuid mhór daoine aird ar rannpháirtíocht leanaí in Éire Ildánach a spreagadh agus a chothú. Léirigh go leor rannpháirtithe gur mhian leo go mbeadh fóram nó eolaire ann a bheadh ina shuíomh amháin chun teacht ar fhaisnéis faoi mhaoiniú, sparánachtaí, na scéimeanna atá ar fáil, tionscadail leanúnacha, etc, agus go mbeadh eolaire iomlán ann, mar chuid den suíomh sin, faoi ealaíontóirí i ngach disciplín atá lonnaithe i gContae na Mí. Tá gá le tuilleadh poiblíochta a dhéanamh faoi láithreáin oidhreachta uathúla na M agus ba chóir cumas turasóireachta na láithreán sin a fheabhsú. Moladh go forleathan cur leis an meon pobail atá i gContae na Mí cheana féin, lena n-áirítear na pobail ealaíne agus ceardaíochta, agus na scéimeanna maoinithe reatha. Tá gá mór le spás do stiúideonna ealaíne sa chontae chomh maith le moil chruthaitheacha agus chomhrá i gcomhair líonrúcháin, malartú smaointe agus tacaíochta.

Meath County Council's Cultural Service Team has carried out an extensive process of engagement, consultation and analysis with key stakeholders and the wider community to arrive at the strategic priorities for cultural development outlined here. Over eighty stakeholders attended a public consultation session in Meath's Solstice Arts Centre in April of 2017. Its purpose was to examine how Meath can make a distinctive contribution to the Creative Ireland Programme drawing on the particular cultural and creative resources of the county. Artists, local historians and heritage practitioners, musicians, dancers, actors, and crafts people all participated enthusiastically. There was much focus on encouraging and fostering children's involvement in Creative Ireland. Many participants expressed a desire for a forum or directory to be a one source location for information on funding, bursaries, available schemes, on-going projects, etc, and to include a full directory of Meath-based artists in all disciplines. The unique heritage sites of Meath need greater promotion and their tourism potential should be enhanced. Building on the existing sense of community in Meath, including the artistic and craft communities, and deepening current funding schemes, were widely advocated. Art studio space is much needed in the county as are creative, conversational hubs for networking, exchange of ideas and support.

Trínár bhfoireann Seirbhísí Cultúir, agus trí shaineolas breise a gheofar ó dhaoine ar fud na heagraíochta, táimid ag tnúth le ceannaireacht straitéiseach a léiriú, agus le rannpháirtíocht a chothú, trínár Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta sna cúig bliana seo amach romhainn. Táimid ag tnúth go háirithe le tacú lenár dtiomantas i leith ár ngradam, ár ndeontas agus ár sparánachtaí cultúrtha seanbhunaithe agus i leith cur leo. Is féidir linn agus muid ag obair le chéile torthaí agus moltaí an Phróisis Comhairliúcháin a chur i bhfeidhm. Is féidir linn cabhrú le tionscadail chultúrtha atá ag teacht chun cinn agus atá bunaithe cheana féin agus, le cúnamh airgeadais ó Éire Ildánach, is féidir linn gealltanas fadtéarmach a thabhairt. Tabharfaimid tacaíocht i leith tuilleadh forbartha agus saibhriúcháin a dhéanamh ar chlár Éire Ildánach do Chontae na Mí trí shraith pleananna gníomhaíochta bliantúla a chur i bhfeidhm.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le gach duine a bhfuil baint acu leis an Straitéis agus gach uile rath a ghuí uirthi.

**Jackie Maguire**
Príomhfheidhmeannach,
Comhairle Chontae na Mí

Through our Cultural Services team, and with added expertise from across the organisation, we look forward to strategically leading and engaging with our Culture and Creativity Strategy over the next five years. In particular, we look forward to supporting and deepening our commitment to our long-established cultural awards, grants and bursaries. Working together we can implement the findings and recommendations of the Consultative Process. We can assist emerging and established cultural projects and, with the financial assistance of Creative Ireland, can make a longer term commitment. Through the implementation of a series of annual delivery plans we will support the further development and enrichment of the Creative Ireland programme for Meath.

I would like to thank everyone associated with the Strategy and wish it every success.

**Jackie Maguire**
Chief Executive,
Meath County Council




Cruinniú ag leabharlann Ceanannus Mór 2018

*Cruinniú at Kells library 2018*

# 3 Cultúr & Cruthaitheacht i gContae na Mí
## Culture and Creativity in County Meath

TÁ CRUTHAITHEACHT AGUS Cultúr chomh saibhir leis an ithir i gContae na Mí agus cruthaíonn siad éiceolaíocht ilchineálach álainn ina bhfuil amhránaithe, filí, déantóirí priontaí, drámadóirí, péintéirí, grianghrafadóirí, úrscéalaithe, ceoltóirí, cleasaithe agus físithe.

Shíl mé i gcónaí go raibh an tírdhreach spreagúil. Is tírdhreach é ina bhfuil páirceanna méithe, cnoic réidhe agus aibhneacha miotasacha, mar aon le seaniarsmaí ríoga na Teamhrach, Shí an Bhrú agus Loch Craobh ach cuireann na sráidbhailte scaipthe agus na guthanna glé freisin leis an mothú a bhaineann le pobal ársa. Fásann ealaín ón éitear anseo, agus tugann sí mo dhúshlán mar dhrámadóir an domhan thart orm a cheistiú, a spreagadh, a thochailt agus a cheiliúradh.

Faigheann drámaí ar nós *Melody*, BOGBOY, *Spinning*, *Wild Sky* nó *Me & Molly & Moo* spreagadh díreach ó scéalta na Mí, ó phearsana na Mí nó ó ghné de chuid thírdhreach na Mí. Léimeann siad caol díreach aníos as na díoga agus déanann siad a mbealach chuig amharclanna ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain. Is é sin áilleacht na healaíne dar liom. Tá sí eipiciúil agus áitiúil araon. Tosaíonn an chuid is mó de na hamhráin, de na dealbha, de na drámaí i gcistin, ar bhóithrín nó ar chúlsráid. Cruthaítear ealaín sna braonta báistí, i nóiméad nó i bpíosa beag de chomhrá scaipthe. Sleamhnaíonn sé ó na páirceanna agus leabaíonn sa tsamhlaíocht, go dúthrachtach agus go míshocair, nó go dtugtar cruth dó le peann, le hordóg, le scuab phéintéireachta nó le sreang. Tá ealaín seasmhach agus rathúil i gContae na Mí.

Chuir féilte, imeachtaí agus ionaid sa chontae mé in aithne do ghrúpa iontach cleachtóirí, san am a caitheadh agus sa lá atá inniu ann, ar daoine iad atá thar a bheith bríomhar agus ar tháinig a gcuid físeanna chucu faoi spéir na Mí. Déanann guthanna níos sine macalla ar an ngaoth agus meascann machnóirí reatha ó gach disciplín a ndúil sa tsamhlaíocht le dúil s'agam féin inti. Mar ghrúpa, tá sé d'iallach orainn ceisteanna a chur ós rud é, dar liom, gur ceist í i gcónaí an Ealaín, gurb iarracht í i gcónaí ar thuiscint a fháil ar rudaí.

Táim ag scríobh drámaí le fiche bliain anois. Tháinig mé chun cónaí i gContae na Mí fiche bliain ó shin. Níl aon amhras orm ach go bhfuil bealach gearrtha ag an neart beoga, glas, lábach a bhaineann léi isteach i mo ghuth, i m'anam. Is é sin cumhacht an chultúir agus na cruthaitheachta i ngach pobal.

**Deirdre Kinahan**

CREATIVITY AND CULTURE are as rich as the soil in County Meath seeding a beautifully diverse ecology of singers, poets, print-makers, dramatists, painters, photographers, novelists, musicians, jokers and dreamers.

I have always found the landscape inspirational. From the lush fields, gentle hills and mythical rivers to the royal antiquities of Tara, Newgrange and Loughcrew but the scattered villages and liquid voices also add to the sense of ancient community. Art grows out of the ether here, challenging me as a playwright to question, provoke, excavate and celebrate the world around me.

Plays such as *Melody*, BOGBOY, *Spinning*, *Wild Sky* or *Me & Molly & Moo* are directly inspired by Meath stories, Meath characters or an element of the Meath landscape. They spring right up out of the ditches and find their way to theatres all over Ireland and the world. That to my mind is the beauty of art. It is both epic and local. Most songs, sculptures, plays kick off in a kitchen, a lane or a back-street. Art forms in the raindrops, in a moment or in a scrap of scattered conversation. It slips in from the fields and beds down in the imagination, ardent and restless, until given form by pen, thumb, paint-brush or string. Art is insistent and it is thriving in County Meath.

Festivals, events and venues in the county have introduced me to a great swathe of incredibly vibrant practitioners, past and present, who have dreamed their dreams under Meath skies. Older voices echo down on the wind while present ponderers of every discipline mix their imaginative impulse with mine. Together we are compelled to question because for me Art is always a question, always an attempt at an understanding.

I am writing plays for twenty years now. I came to live in Meath twenty years ago. I have no doubt that the heaving, verdant, mucky might of it has cut a path into my voice, into my soul. That is the power of culture and creativity in every community.

**Deirdre Kinahan**



Lá Filíochta Éireann 2018, leabharlann Dún Seachlainn

*Poetry Day Ireland 2018 in Dunshaughlin Library*

**Bunchampa**
I mí na Nollag sa bhliain 1967, nuair a bhí mé sé bliana déag d'aois, rinne mé mo chéad léitheoireacht. Tharla sé sin in Óstán Russell san Uaimh. Bhí an seomra pacáilte. Bhí mé mar chuid de rud ar ar tugadh Grúpa Filíochta na Mí, a raibh cuid mhór dá bhaill lonnaithe i mBaile Átha Cliath, ach a raibh fréamhacha acu uile i gContae na Mí. Tháinig deireadh leis an ngrúpa go gairid ina dhiaidh sin.

Ansin chuaigh mé chuig Coláiste na Tríonóide agus thosaigh mé féin agus Eamon Carr, sraith 'oscailte' léitheoireachtaí, foilseachán (mórbhileoga, iris, na chéad leabhair Gallery), agus – in éineacht le ceoltóirí agus amhránaithe – grúpa a rinne léitheoireachtaí agus ceol á dtionlacan. Rinneadh é seo go léir faoi ainm a bhí sách amscaí, Tara Telephone.

D'fhill mé chun cónaí i gContae na Mí roinnt blianta ina dhiaidh sin. Bhí mé fós sa choláiste ach thuig mé gur i Loch Craobh a bhí an bunchampa a bhain le gach rud a raibh sé d'aidhm agam a dhéanamh – obair ar mo chuid dánta, eagarthóireacht agus foilsiú leabhair Gallery, turais chun léitheoireacht a dhéanamh agus léachtaí a thabhairt, an chuid is mó díobh sin sna Stáit Aontaithe.

Bhí saol na n-ealaíon i gContae na Mí ag an am sin an-éagsúil lena bhfuil ann anois! Ár ndóigh, bhí rachmas a seoda seandálaíochta agus stairiúla ann. Bhí leabhar áirithe ann a bhí bainteach le Ceanannus Mór. Níos gaire don am sin agus don spéis ar leith a bhí agam, bhí taibhsí le braistint san atmaisféar, is é sin le rá, taibhsí Swift, Ledwidge (go domhain sna scáileanna ag fanacht le haird a bheith á tarraingt air ag coiste den scoth i mBaile Shláine), F R Higgins (cé sin? a d'fhéadfá a fhiafraí) agus Mary Lavin a bhí ina fáilteoir neamhurchóideach, tacúil agus an-shiamsúil, bíodh sin ina teach cónaithe eachlainne i mBaile Átha Cliath nó i bhFeirm na Mainistreach i mBeigthigh.

**Base Camp**
In December 1967, when I was sixteen, I gave my first reading. It was in the Russell Hotel in Navan. The room was packed. I was part of what was called the Meath Poetry Group, several of whose members were Dublin-based, but all with Meath roots. The group disbanded shortly afterwards.

Then I went to Trinity and started, with Eamon Carr, a series of 'open' readings, publications (broadsides, a magazine, the first Gallery books), and – with musicians and singers – a group that performed readings with musical accompaniment. All this under the rather embarrassing name, Tara Telephone.

A few years later I returned to live in County Meath. I was still in college but I'd found, in Loughcrew, what would be the 'base camp' for all I aspired to do - work on my poems, editing and publishing Gallery books, tours giving readings and lectures, most of these in the U.S.

How different the landscape of arts in County Meath at that time! Of course there was the opulence of its archaeological and historical treasures. There was a certain book associated with Kells. Closer to that time and to my particular interest the ghosts of Swift, of Ledwidge (deep in the shadows awaiting the attention of an excellent committee in Slane), of FR Higgins (who? you might ask) and of Mary Lavin who was a benign, supportive and wonderfully entertaining welcomer either to her mews home in Dublin or to the Abbey Farm at Bective.





Ach ní raibh aon mhothú ann a bhain le cleachtas comhaimseartha. Bhí mo shaol mar ealaíontóir á chaitheamh agam i gContae na Mí, bhí mo lucht léitheoireachta in áiteanna eile. D'fhéadfadh sé gur saol uaigneach a bheadh ann.

Sa bhliain 1998, d'aistríomar The Gallery Press as Baile Átha Cliath chuig teachín a cheannaíomar ó Seamus Heaney. (Ach sin scéal eile, mar a deirimid.) Bhí mothú inmhothaithe, fiú amháin mothú sainráite, ann á rá 'ní féidir leat é sin a dhéanamh'. Cén fáth? Mar go gcaithfeadh fiontar ar nós Gallery a bheith i gceantar lárnach (Baile Átha Cliath a bhí i gceist ag daoine a bhí trína chéile). Bhuel, déanfaimid lárionad de Loch Craobh, príomhchathair foilsitheoireachta filíochta agus drámaíochta. Is pribhléid agus freagracht é araon go leanann príomhscríbhneoirí na hÉireann orthu ag cur a gcuid oibre faoinár gcúram.

Anois – agus é beagnach dochreidte – tá Grúpa Ealaíon na Mí (comharghrúpa amharc-ealaíon) agus Solstice ann san Uaimh, tá Hay agus Hinterland agus Guth Gafa ann i gCeanannus Mór; tá grúpaí scríbhneoireachta ann i mbailte éagsúla sa chontae (cá mbeimis gan Boyne Berries i mBaile Átha Troim), tá Lab Lit ann sa Seanchaisleán, Club Contae míosúil, is é sin, club a chuireann fáilte roimh cheoltóirí agus amhránaithe agus scríbhneoirí agus ealaíontóirí, agus tá Club Ceoil Tíre ann san Uaimh ar bhonn neamhrialta, ar club é a bhíonn ar siúl in ionaid éagsúla agus é chomh maith le ceann ar bith in Éirinn maidir le caighdeán agus raon na dtaibheoirí a bhíonn ann. Is oscailt súl leanúnach é barr feabhais na n-ealaíontóirí áitiúla a ghlacann páirt ann.

But there was no sense of contemporary practice. My life as an artist was in Meath, my audience was elsewhere. It might have felt lonely.

In 1998 we moved The Gallery Press from Dublin to a cottage we bought from Seamus Heaney. (But that, as we say, is another story). There was a palpable, even uttered, sense that you 'can't do that'. Why not? Because an enterprise like Gallery has to be in a centre (by which puzzled people meant Dublin). Well, we'll make Loughcrew a centre, a capital of poetry and drama publishing. That leading Irish writers continue to entrust their work to us is both a privilege and a responsibility.

Now – almost unimaginably – the landscape includes Solstice and Meath Arts Group (a visual arts collective) in Navan, Hay and Hinterland and Gúth Gafa in Kells; there are writing groups in various towns in the county (not least Boyne Berries in Trim), a Lit Lab, a monthly Co Club in Oldcastle that welcomes musicians and singers and writers and artists, and an irregular wandering Folk Club in Navan that matches any in Ireland in the quality and range of its performers. The excellence of local artists who participate is a constant revelation.

'Is comhoibriú é,' a scríobh Synge, 'gach cineál ealaíne.' Anois go bhfuil borradh faoi na healaíona i gContae na Mí tá sé mar fhreagracht chomhchoiteann orainn na dálaí agus an aeráid a fheabhsú do na cleachtóirí le gur féidir leo a saothair is fearr a chruthú. Thig leis sin tarlú ar bhealaí díreacha agus ar bhealaí neamhdhíreacha. Trí nochtadh agus oideachas – agus is anseo is fearr a d'fhéadfadh Éire Ildánach a ngealltanas a choinneáil – ní mór dúinn an lucht féachana/éisteachta/leitheoireachta a mhéadú agus a chinntiú go bhfuil feasacht ann i dtaobh deis a bheith ar fáil do gach duine páirt a ghlacadh san ealaín ar mhaithe leis na luaíochtaí is féidir léi a thairiscint – is é sin le rá, an acmhainn smaointeoireachta agus tuisceana atá ionainn a bheachtú. I mbeagán focal, d'fhéadfaimis a fhoghlaim conas smaoineamh a dhéanamh ar bhealach níos fearr agus mothú a dhéanamh ar bhealach níos fearr. B'fhéidir go bhfeabhsóimis ár seansanna chun barr ár gcumais a bhaint amach mar dhaoine aonair agus i dteannta a chéile mar shochaí leathan, dhaonna, chineálta.

**Peter Fallon**

---

**Cultúr & Cruthaitheacht i gContae na Mí**

Agus an Bhóinn, Teamhair agus Leabharlann na hUaimhe á gcur san áireamh, is ionad aislingí agus is meascán mearaí cultúrtha é Contae na Mí a bhfuil cumas iontach méadaitheach ann. Tá a ionspioráid le braistint gach áit. Tá líneáil draíochta le fáil ar an talamh sa chontae agus tá aislingí ann ina chuid uiscí.

Gan é a bheith beartaithe agam riamh, is é an Uaimh, Co. na Mí, mo chrann taca, mo thearmann. Is anseo atá mé i mo chónaí in éineacht le mo bhean chéile agus mo mhac mar ealaíontóir lánaimseartha gníomhach. Cé gur rugadh mé in Ospidéal na hUaimhe, thóg sé na blianta orm mothú a fháil gur cuid den áit seo mé.

'All art,' wrote Synge, 'is a collaboration.' Now that the arts are flourishing in County Meath it remains our collective responsibility to enhance the conditions and climate for their practitioners to do their best work. This can happen through direct and indirect ways. Through exposure and education – and this is where Creative Ireland might best keep its promise – we need to expand an audience and to ensure an awareness that everyone might participate in art for the rewards it can offer – that is to refine our capacities to think and feel. We may, in short, learn how to think better and feel better. We may improve our chances of fulfilling ourselves individually and collectively as a broad, human, kind society.

**Peter Fallon**

---

**Culture & Creativity in County Meath**

From the Boyne to Tara to Navan Library, Meath is a home of dreams and a cultural melting pot with magnificent and growing potential. Its inspiration is everywhere. There is magic lining the ground and dreams running in its waters.

Without ever planning it, Navan, Co. Meath has become my rock, my island. It is here that I live with my wife and son as a working full-time artist. Although I was born in Navan Hospital it took years before I felt like I belonged here. To discover Meath, I had to leave.





B'éigean dom imeacht chun an Mhí a aimsiú. Nuair a bhí mé 19 mbliana d'aois d'éirigh mé as cúrsa céime i nDámh na nDán i gColáiste na Tríonóide chun dul ag seinm ceoil san Iodáil. D'fhoghlaim mé le mé féin a chur i láthair nuair a bhí mé ag buscáil ar shráideanna Napoli agus na Sicile. Ina dhiaidh sin, bhí Learpholl ag glaoch agus d'fhoghlaim mé an tábhacht a bhaineann le foinn. Chuir Londain cruachan ionam agus thug dom na huirlisí a úsáidim go dtí an lá atá inniu ann mar ealaíontóir atá ag obair i dtionscal an cheoil. Sa deireadh, chríochnaigh mé mo chéim i nDámh na nDán agus bhunaigh mé banna a mhair nó go raibh cúig albam déanta againn agus deich mbliana caite againn ar camchuairt in Éirinn agus go hidirnáisiúnta araon.

Sa bhliain 2008, tar éis blianta spaisteoireachta, chuir an Uaimh fáilte chroíúil romham isteach i saol an cheoil áitiúil iontach. D'aimsigh mé muintearas ansin trí sheinm in éineacht le ceoltóirí áitiúla iontacha agus, chomh maith leis sin, bíonn ceolchoirm bhliantúil ar siúl le mo bhanna Lost Brothers sa Solstice Arts Centre. Tá cónaí ar chumadóirí amhrán agus ar cheoltóirí iontacha inár mbaile. Agus, níl aon lucht féachana níos dílse ná níos buíche ná lucht féachana agus éisteachta na Mí.

Is í an ealaín an t-aon rud a thugann deis do dhuine éalú gan an baile a fhágáil. Tugaimis pas d'ealaíontóirí chun a bheith ag fánaíocht thar theorainneacha na samhlaíochta agus chun na féidearthachtaí agus na teorainneacha cruthaitheacha laistigh de Chontae na Mí a thástáil. A dturas cruthaitheach féin a dhéanamh agus filleadh uaidh. Agus níl aon áit níos áille ná níos spreagúla chun teacht abhaile chuige ná Contae na Mí. Cuir tús leis an aisling.

Ní mór go mbeadh ceangal idir pobal cruthaitheach na Mí – ní mór cuireadh a thabhairt d'ealaíontóirí teacht amach as na scáileanna trí dhoras oscailte – chun a gcruthaitheacht a thabhairt

Aged 19 I cut short an Arts degree in Trinity to play music in Italy. Busking on the streets of Naples and Sicily schooled me in performance. From there, Liverpool called and I learned the importance of melody. London then toughened me up and gave me the tools that I still use today as an artist working in the music industry. Eventually, I finished my Arts degree and started a band that has lasted five albums and ten years of touring both in Ireland and internationally.

After years of rambling, in 2008, Navan welcomed me into its exciting local music scene with open arms. I came to belong here through playing with great local musicians and this has grown to include an annual concert with my band Lost Brothers at The Solstice Arts Centre. There are fantastic songwriters and musicians living in our town. And there is no audience more loyal and appreciative than a Meath audience.

Art is the only way to run away without leaving home. Let's give artists the passport to roam the boundaries of imagination and test the creative limits and possibilities within County Meath. To take their own creative journey and return. And there's nowhere more beautiful and inspiring to come home to than County Meath. Let the dreaming begin.

The creative community in Meath needs to be connected – artists need to be invited out of the shadows through an open door – to bring

isteach i spás oscailte agus deis a thabhairt dóibh teip agus arís eile agus teip níos fearr arís go dtí go ndéanann siad píosa ealaíne nó ceoil nó scannáin nó scripte a ligeann dóibh a rá "seo é ealaín s'agamsa. Seo é an rud a bhí i gceist agam a rá. Seo é mo ghuth."

Nuair a tugadh cuireadh dom cúpla focal a scríobh ina leith seo, chuir mé ceist orm féin, conas is féidir linn cur le grá an bhaile don cheol agus do na hEalaíona, agus mé ag cuimhneamh gur minic a fhiafraíonn bannaí níos óige díom conas is féidir leo tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh? Freagra amháin air sin ná ionad óige a chur ar fáil do na healaíona agus don cheol inar féidir le healaíontóirí agus ceoltóirí bailiú le chéile agus daoine a bhfuil an dearcadh céanna agus an fhís chéanna acu a aimsiú. Is inspioráid é Ionad *Oh Yeah* i mBéal Feirste; ionad tacaíochta d'ealaíontóirí óga chun teacht le chéile ann agus triail a bhaint as a gcuid aislingí agus smaointe, áit ar féidir leo a n-áit féin a thabhairt uirthi. Dá mbeadh an spás cruthaitheach sin ann, d'fhéadfaí an rud a bhfuil géarghá leis san Uaimh a thabhairt don áit, is é sin, níos mó féilte cultúrtha nach bhféachtar orthu mar imeachtaí ardnósacha ná éilíteacha. Ealaín atá faoi úinéireacht a pobal féin.

**Oisín Leech**

---

**Oidhreacht i gContae na Mí**

Chruthaigh comóradh 1916 freagra an-chruthaitheach i leith stair agus oidhreacht na hÉireann, agus ghlac Contae na Mí páirt mhór sa chomóradh sin. Tá an-fháilte roimhe seo, ó tharla go bhfuil oidhreacht iarchoilíneach na hÉireann fós briste ina píosaí agus deighilte. Mar thoradh ar an tionchar breise a bhaineann le sárchultúr domhandaithe agus homaiginithe, baineann práinn bhreise leis an dúshlán comhchoiteann maidir lenár bhféiniúlacht chultúrtha náisiúnta a mhúnlú. Is féidir le Contae na Mí ról lárnach a bheith aige san iarracht chultúrtha seo. Tugann nithe éagsúla amhail macalla spioradálta mistéireach Bhrú na Bóinne agus an siombalachas a bhaineann le saoirse agus flaitheas críche na Teamhrach an tuiscint dúinn go bhfuil oidhreacht shaibhir na Mí i gcroílár fhéiniúlacht náisiúnta na hÉireann.

Agus tá an t-ádh orainn anseo i gContae na Mí gur le cúrsaí oidhreachta a bhaineann thart ar 500 as na 1,000 cumann nó mar sin atá gníomhach sa chontae. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag cuid acu sin ag leibhéal réigiúnach chun oidhreacht na Mí a chaomhnú agus a fheabhsú. Ag leibhéal an rialtais áitiúil, is dul chun cinn suntasach é Oifigeach Oidhreachta Contae a bheith ceaptha, Fóram Oidhreachta a bheith tionscanta, agus Pleananna Oidhreachta Contae leanúnacha a bheith tugtha isteach. Oibríonn eagraíochtaí deonacha amhail Cumann Staire agus Seandálaíochta na Mí, Ceardlann Staire na Mí agus Tionscadal Ainmneacha Páirce na Mí go léir ar fud an chontae, agus tá cuid mhór de na 500 cumann a bhaineann le cúrsaí oidhreachta gníomhach, agus cuid acu ag díriú ar nithe uile-chontae agus cuid eile acu ag díriú ar ionaid áitiúla laistigh den Mhí.

Is fréamhshamhlacha luachmhara iad seo a thaispeánann an bealach chun tuilleadh dul chun cinn a d'fhéadfaí a dhéanamh. Tá diancheannaireacht ag leibhéal an chontae ríthábhachtach. D'fhéadfadh toradh maith a bheith ar chlár chun áiseanna na n-oifigí Ealaíon, Oidhreachta agus Turasóireachta a cheangal leis an tSeirbhís Leabharlainne, chun nuálaíocht leanúnach chultúrtha / oidhreachta a chur ar fáil. Mar shampla, tá an t-aon Ghaeltacht aitheanta i gCúige Laighean suite i gContae na Mí. D'fhéadfadh an-tairbhe a bheith le clár comhordaithe a bhainfeadh leis an nGaeltacht, le Comhaltas Ceoltóirí Éireann, le Conradh na





their creativity into a space and fail and fail again and fail better and one day make a piece of art or music or film or script that allows them to say "this is my art. This is what I meant to say. This is my voice."

When I was invited to write these few words I did ask myself, how can we build upon the town's love of music and the Arts, bearing in mind that I'm often asked by younger bands how they can further their paths? One answer is a youth centre for arts and music where artists and musicians can gather and find like-minded people with similar visions. The *Oh Yeah* Centre in Belfast is an inspiration; a supported centre for young artists to come and try out their dreams and ideas, a place to call their own. From this creative space Navan could be given what it is crying out for; more cultural festivals that are not perceived of as high brow or elitist. Art that is owned by its own folk.

**Oisín Leech**

---

**Heritage in County Meath**

Commemoration of 1916 generated a very creative response to Irish history and heritage, not least in County Meath. This is most welcome, since Ireland's post-colonial heritage remains fragmented and divided. The added impact of a globalising and homogenising super-culture gives added urgency to the collective challenge of moulding our national cultural identity. Meath can have a key role in this cultural endeavour. We realise that from the mysterious spiritual resonance of Brú na Bóinne to Tara's symbolism of territorial sovereignty and freedom, Meath's rich heritage is at the heart of Ireland's national identity.

And Meath is fortunate in that, of the 1,000 or so societies active in the county, some 500 are heritage related. Notable strides at regional level have been made by some of these in conserving and enhancing Meath heritage. At local government level, the appointment of a County Heritage Officer, the institution of a Heritage Forum, and the introduction of successive County Heritage Plans are a major advance. Voluntary organisations such as Meath Archaeological & Historical Society, Meath History Workshop and the Meath Field Names Project all operate countywide, and many of the 500 heritage related societies are active, some with county-wide focus and others concentrated at local centres within Meath.

These are valuable prototypes which point the way to further possible advance. Vigorous leadership at county level is a key essential. A programme uniting the resources of the Arts, Heritage and Tourism offices, with the Library Service, in delivery of sustained heritage / cultural innovation could be very fruitful. For instance, Meath has the only recognised Gaeltacht in Leinster. A coordinated programme involving the Gaeltacht, Comhaltas Ceoltóirí Éireann, Conradh na Gaeilge and the Gaelscoileanna in Meath could be very rewarding. Indeed, Bliain na Gaeilge offers a unique opportunity to devise and deliver this co-ordinated programme of activities in 2018.

Gaeilge agus leis na Gaelscoileanna i gContae na Mí. Go deimhin, cuireann Bliain na Gaeilge deis ar leith ar fáil chun an clár gníomhaíochtaí comhordaithe seo a chur le chéile agus a chur ar fáil sa bhliain 2018.

Neartaíonn páirt a ghlacadh san oidhreacht an mothú dlúthpháirtíochta atá againn le muintir na hEorpa. Creideann an Coimisiún Eorpach go bhfuil an 'oidhreacht comhdhéanta de scéalta áitiúla a chruthaíonn stair na hEorpa nuair a chuirtear le chéile iad.' Feabhsaíonn saothrú ár n-oidhreachta féin ár bhféiniúlacht níos leithne mar Eorpaigh. Mar sin, cuireann oidhreacht éagsúlacht chultúrtha chun cinn agus, ag an am céanna, cuireann sí malartú idirchultúrtha chun cinn. Tá an turasóireacht oidhreachta ina gineadóir cumhachtach maidir le gníomhaíocht eacnamaíochta, agus d'fhéadfadh sí a bheith mar bhunús do thionscal athnuaite an chultúir agus na cruthaitheachta. Scaoilfeadh tionscnamh comhordaithe na Mí, agus fealsúnacht slán mar bhun taca aige, acmhainní inspioráideacha agus cruthaitheacha na hoidhreachta.

De réir mar a théann deich mbliana na gcuimhneachán ar aghaidh, cuimhnímid gur fhís chultúrtha athnuaite den sórt sin a spreag iad siúd a chruthaigh féiniúlacht nua-aimseartha na hÉireann agus a bhunaigh flaitheas na hÉireann. I gcás na gceannairí sin, d'oibrigh ár n-oidhreacht agus ár dtraidisiún mar spreagadh agus mar inspioráid dóibh, seachas mar bhac orthu. Is féidir lenár ngníomhaíocht chruthaitheach i leith oidhreacht shaibhir na Mí cúnamh a thabhairt an fhís náisiúnta fial a bhaint amach do phobal an lae inniu. Níor chaill lucht an mhisnigh riamh é.

**Séamus Mac Gabhann**

Engagement with our heritage deepens our sense of solidarity with our fellow Europeans. The European Commission holds that 'heritage is made up of local stories that together make the history of Europe.' Cultivation of our own heritage enhances our broader identity as Europeans. Heritage thus promotes cultural diversity while promoting intercultural exchange. Heritage tourism is a powerful generator of economic activity, which can become the basis for renewed cultural and creative industries. A coordinated Meath initiative, underpinned by a secure philosophy, would release the inspirational and creative resources of heritage.

As we advance into the decade of commemorations, we recall that it was such a renewed cultural vision which energised those who forged modern Irish identity and established Irish sovereignty. For those leaders, our heritage and tradition operated as a stimulus and an inspiration, rather than as a barrier. Our creative response to Meath's rich heritage can help realise for our own times that generous national vision. Níor chaill lucht an mhisnigh ariamh é.

**Séamus Mac Gabhann**







Clólann Ceanannus Mór, Stráid Mhaidlín

*Kells Printing Works, Maudlin Street*

# 4 Fís Éire Ildánach do Chontae na Mí
## The Creative Ireland Vision for Meath

IS É ATÁ I bhfís Éire Ildánach ná go mbeadh an deis ag gach duine ar a bhfuil cónaí in Éirinn a theacht in inmhe go hiomlán ó thaobh na cruthaitheachta de. Déantar an fhís sin a shaothrú trí Chúig Cholún Chlár Éire Ildánach:

**Colún 1**
Scód a ligean le Cumas na Cruthaitheachta i nGach Leanbh

**Colún 2**
Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal

**Colún 3**
Infheistíocht in Infreastruchtúr na Cruthaitheachta agus an Chultúir

**Colún 4**
Éire mar Larionad Barr Feabhais maidir le Léiriúchán na Meán Cruthaitheachta

**Colún 5**
Clú na hÉireann ar fud an Domhain a thabhairt le chéile

*Tá rannpháirtíocht agus rochtain lárnach don fhís. Meastar go bhfuil sé riachtanach ealaíontóirí agus cruthaitheoirí eile a nascadh le pobail chun an fhís seo a bhaint amach.*

THE VISION OF Creative Ireland is that every person living in Ireland will have the opportunity to fully realise his or her potential. The vision is pursued through the Five-Pillars of the Creative Ireland Programme:

**Pillar 1**
Enabling the Creative Potential of Every child

**Pillar 2**
Enabling Creativity in Every Community

**Pillar 3**
Investing in our Creative Industries: Ireland as a Centre of Excellence in Media Production

**Pillar 4**
Ireland as a Centre of Creative Excellence

**Pillar 5**
Unifying our Global Reputation

*Participation and access are central to the vision. Connecting artists and other creators to communities is also regarded as essential to realising this vision.*



Is é atá i bhfís Chontae na Mí:
...timpeallacht a chothú ina bhfuil rath ar chultúr agus ar chruthaitheacht agus a bhfuil meas orthu mar chuid lárnach den saol laethúil.....

Bainfimid amach ár bhfís trí oibriú go dlúth le daoine aonair agus le pobail chun deiseanna comhoibríocha, rannpháirtíochta agus uilechuimsitheacha a chur ar fáil chun rochtain ar na healaíona, ar an oidhreacht agus ar an gcultúr, agus feasacht fúthu agus rannpháirtíocht iontu, a mhéadú i ngach disciplín agus earnáil den tsochaí.

Tá tacaíocht agus daingniú i leith ár bhfíse le fáil i gcuspóirí agus i ngníomhartha na bpríomhphleananna straitéiseacha an chontae. Tá gealltanas ann i bPlean Corparáideach Chomhairle Contae na Mí 2015–2019 maidir le Seirbhís Ealaíon den scoth a chur ar fáil agus rochtain ar na hEalaíona, agus feasacht fúthu agus rannpháirtíocht iontu, a chur chun cinn agus a fhorbairt. Cuireann sé roimhe freisin ár n-oidhreacht a bhainistiú agus a chosaint agus tuiscint uirthi agus taitneamh a bheith á bhaint aisti a chur chun cinn, agus tá gealltanas ann freisin áiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a sholathar trí sheirbhísí liteartha, sóisialta agus cultúrtha a chur ar fáil don phobal tríd an tSeirbhís Leabharlainne. Tá Plean Forbartha Chontae na Mí 2013–2019, Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail na Mí 2016–2021 agus Pleananna Ealaíon, Oidhreachta, Bithéagsúlachta agus Leabharlainne an Chontae mar bhonn taca ag na gealltanais sin go léir.

Leanfaidh an Fhoireann Seirbhísí Cultúrtha de bheith ag obair ar mhodh comhoibríoch agus de chomhpháirtíochtaí straitéiseacha contae, náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhéanamh, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí leis an gComhairle Ealaíon, leis an gComhairle Oidhreachta, le hÉire Ildánach, leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, chun soláthar seirbhísí cultúrtha don chontae a chur ar aghaidh.

Is Meath's vision is to:
...foster an environment where culture and creativity flourish and are valued as an integral part of everyday life.....

We will realise our vision by working closely with individuals and communities to provide collaborative, participatory and inclusive opportunities to increase access to, awareness of, and participation in the arts, heritage and culture across all disciplines and sectors of society.

Our vision is supported and underpinned by the objectives and actions contained within the key strategic plans for the county. *Meath County Council Corporate Plan 2015–2019* commits to providing an excellent Arts Service and to promoting and developing access, awareness, and participation in the Arts. It also undertakes to manage and protect our heritage and promote understanding and enjoyment of it, and be the key provider of life-long learning facilities delivering literary, social and cultural services for the community by way of the Library Service. *Meath County Development Plan 2013–2019, Meath Local Economic and Community Plan 2016–2021* and County Arts, Heritage, Biodiversity and Library Plans all underpin these commitments.

The Cultural Services Team will continue to work collaboratively and forge county, national and international strategic partnerships including with the Arts Council, Heritage Council, Creative Ireland, Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht, Department of Rural and Community Development, to advance the delivery of cultural services for the county.

# 5 Luachanna Éire Ildánach i gContae na Mí
## The Creative Ireland Values in Meath

IS GEALLTANAS LÁRNACH é feasacht a fhorbairt faoi chlár Éire Ildánach ar fud Chontae na Mí. Is é a leanfaidh as an bhfeasacht mhéadaithe sin ná tuilleadh deiseanna chun cláir chruthaitheacha a fhorbairt ar fud fheidhmeanna an údaráis áitiúil a chuireann seirbhísí cultúrtha ar fáil.

Gealltanas eile is ea cleachtais oibre nuálacha a fhorbairt i leith acmhainní comhroinnte agus forbairt trasfheidhme clár idir grúpaí cultúrtha éagsúla. Tá sé mar aidhm ag clár oibre straitéiseach na Mí a chur ar chumas pobal oibriú le chéile chun cur leis an gcumas cultúrtha atá acu, agus inniúlacht i bpleanáil agus i bhforbairt chultúrtha a fhorbairt.

Bunóidh infheistíocht i rannpháirtíocht uilechuimsitheach, phobalbhunaithe dúshraith dhaingean do thionscadail nuálacha mharthanacha. Beidh fianaise ar rannpháirtíocht chultúrtha mhéadaithe ag leibhéal pobail agus contae mar phríomh-aschur de rath Éire Ildánach.

Le linn chomóradh Céad Bliain Ledwidge sa bhliain 2017, bhí luachanna Éire Ildánach le brath go láidir. Chomhordaigh Foireann Cultúir na Mí an clár agus chomhoibrigh siad le heagraíochtaí náisiúnta, contae agus pobail. Chuir caighdeán na cumarsáide le pobail ar fud an chontae le rath chlár chomóradh céad bliain Ledwidge.

DEVELOPING AN AWARENESS of the Creative Ireland programme throughout County Meath is a core commitment. This increased awareness will, in turn, generate a focus for creative programme development across local authority functions which deliver cultural services.

Another commitment is the development of innovative work practices for shared resourcing and cross-functional programme development between the various cultural groups. Meath's strategic agenda aims to enable communities to work together to deepen their cultural capacity, and develop competency in cultural planning and development.

Investment in inclusive, community-based participation will establish a firm foundation for innovative and enduring projects. Evidence of increased cultural participation at community and county level will be a key output of the success of Creative Ireland.

During the Ledwidge Centenary commemorations in 2017, the Creative Ireland values were much in evidence. Meath's Culture Team co-ordinated the programme and collaborated with national, county and community organisations. The quality of communication with communities throughout the county contributed to the success of the Ledwidge centenary programme.




S.T.E.A.M ag Cruinniú 2018
*S.T.E.A.M at Cruinniú 2018*

# 6 Tosaíochtaí Straitéiseacha do Chontae na Mí
## Strategic Priorities for Meath

**6.1. Tosaíocht Straitéiseach: Ár n-oidhreacht chultúrtha agus liteartha a chaomhnú agus a chur chun cinn agus scríbhneoirí nua agus scríbhneoirí atá ag teacht chun cinn a chothú agus tacú leo.**
Ár n-oidhreacht liteartha a chosaint agus a fheabhsú lena chinntiú go mbeidh scríbhneoirí móra amhail Mary Lavin, Francis Ledwidge agus an Tiarna Dunsany aitheanta go brách le contae na Mí. Tosaíocht a thabhairt do chaomhnú agus do chur chun cinn ár n-oidhreachta liteartha, agus leas á bhaint as an obair mhór fhónta atá déanta ag soláthróirí seirbhísí cultúrtha amhail Comhairle Contae na Mí, Solstice Arts Centre agus an Gallery Press. Oibriú i gcomhar le soláthróirí neamhspleácha agus pobail amhail Músaem Francis Ledwidge agus eastát Mary Lavin. Tabharfar tacaíocht don obair seo freisin trí mhaoiniú d'eagraíochtaí ealaíon eile amhail Hinterland a chuireann cláir ardleibhéil agus an-fheiceálacha ar fáil. Cláir a chur ar fáil a chruthaíonn turasóireacht chultúrtha, agus mar sin a thacaíonn le gníomhaíocht eacnamaíoch, agus tacú le cláir den sórt sin. Tacaíocht fhadtéarmach a thairiscint do phobail Ghaeltachta ina ról mar chaomhnóirí thraidisiúin na nua-Ghaeilge agus tacú le heagraíochtaí cultúir sa chontae agus iad ag iarraidh teanga dhúchais na Mí féin atá fréamhaithe i bhfilí Gaelacha Thuaisceart na Mí agus á spreagadh ag bunaitheoir Chonradh na Gaeilge, an tAth. Eoghan Ó Gramhnaigh, a chaomhnú.

Gníomhartha Bhliain 1

- Imeachtaí Chomhdháil Chomóradh Céad Bliain Francis Ledwidge a reáchtáladh i gCaisleán Bhaile Shláine i mí Dheireadh Fómhair 2017 a fhoilsiú.
- Tacú le hatheisiúint bhailiúchán gearrscéalta Mary Lavin (1947)The Becker Wives i gcomhpháirtíocht le New Island / Eastát Lavin.
- Saothair cheoil nua atá bunaithe ar oidhreacht liteartha Mary Lavin a choimisiúnú.

**6.1. Strategic Priority: To conserve and promote our cultural and literary inheritance and to nurture and support new and emerging writers.**
To protect and enhance our literary legacy to ensure that great writers like Mary Lavin, Francis Ledwidge and Lord Dunsany are forever identified with County Meath. To prioritise conservation and promotion of our literary inheritance building on the very substantial and solid groundwork achieved by cultural service providers like Meath County Council, Solstice Arts Centre and The Gallery Press. To work in collaboration with independent and community providers like The Francis Ledwidge Museum and the Mary Lavin estate. This work will be supported also through funding to other arts organisations such as Hinterland which deliver high-level and high-visibility programming. To deliver programmes which generate and support literary and cultural tourism and thereby support economic activity. To offer long-term support to Gaeltacht communities in their role as custodians of the modern Irish language tradition and to support cultural organisations in the county as they seek to preserve Meath's own native language which is rooted in the Gaelic poets of North Meath and inspired by Gaelic League founder, Fr Eoghan O'Growney.

Year 1 Actions

- To publish the proceedings of the Francis Ledwidge Centenary Conference held in Slane Castle in October 2017.
- To support the re-issue of Mary Lavin's (1947) collection of short stories *The Becker Wives* in partnership with New Island the Lavin estate.
- To commission new musical works based on the literary legacy of Mary Lavin.



- Gradaim nua bhliantúla Chomhairle Contae na Mí do Scríbhneoireacht Chruthaitheach a bhunú
  - Gradam Filíochta Francis Ledwidge
  - Gradam Gearrscéalta Mary Lavin
- Leabhar Anthony Bailey dar teideal A Walk Along the Boyne a fhoilsiú. Ceiliúrann an foilseachán seo an tsiúlóid a rinne an t-údar le taobh na Bóinne sa bhliain 1979, i gcuideachta an fhile Seamus Heaney a fuair Duais Litríochta Nobel ina dhiaidh sin.
- Clár faisnéise raidió a choimisiúnú ar shaol agus ar oidhreacht bhunaitheoir Chonradh na Gaeilge, an tAthair Eoghan Ó Gramhnaigh, arbh as Baile Átha Buí é ó dhúchas.
- Tacú le Féile Hinterland i gCeanannus Mór.
- Tacú le Dámh na Mí agus Comharchumann Ráth Chairn chun a gcartlann phobail a bhunú agus a bhainistiú go fadtéarmach.

**6.2. Tosaíocht Straitéiseach: Cultúr a phríomhshruthú laistigh den údarás áitiúil agus féachaint le daoine gairmiúla a cheapadh chun seirbhísí cultúrtha comhtháite a chur ar fáil mar atá i gceist ag macasamhail Éire Ildánach.**
Ár struchtúr agus ár n-acmhainní áitiúla a ailíniú chun na riachtanais a chomhlíonadh maidir le huaillmhian uileghabhálach choincheap Éire Ildánach a bhaint amach. Ciste Cultúir na Mí a bhunú chun tacú le cur i bhfeidhm Phlean Cultúir agus Cruthaitheachta Chontae na Mí agus chun forlíonadh a dhéanamh ar an gcur i bhfeidhm sin. Féachaint le gairmithe cultúrtha a cheapadh laistigh de Chomhairle Contae na Mí de réir mar is gá chun beartas agus reachtaíocht thábhachtach a chur i bhfeidhm. (Faoi réir: a) Cead na Roinne chun poist a líonadh agus b) acmhainní buiséid a bheith ar fáil chun na tuarastail d'aon phost a cheadófar a íoc). I measc na bpost a ndéanfar ceadú ina leith a bhreithniú, áireofar Bainisteoir Cartlainne / Taifead, Seandálaí Tionscadail,

- To establish new annual Meath County Council Creative Writing Awards
  - The Francis Ledwidge Poetry Award
  - The Mary Lavin Short Story Award
- To publish the book *A Walk Along the Boyne* by Anthony Bailey. This publication celebrates the author's walk along the Boyne in 1979 in the company of poet Seamus Heaney, later recipient of the Nobel Prize for Literature.
- To commission a radio documentary on the life and legacy of Athboy native and founder of the Gaelic League, Father Eoghan O'Growney.
- To support the Hinterland Festival in Kells.
- To support Dámh na Mí and Comharcumann Ráth Chairn in the setting up and long-term running of their community archive.

**6.2. Strategic Priority: To mainstream culture within the local authority and seek the appointment of professionals to deliver integrated cultural services as envisaged by the Creative Ireland model.**
To align our local structures and resources to meet the requirements to deliver on the overarching ambition of the Creative Ireland concept. To work towards establishing a Culture Fund a Meath Culture Fund to support and complement the implementation of the Meath Culture and Creativity Plan. Seek the appointment of culture professionals within Meath County Council as required to implement key legislation and policy. (Subject to: a) Departmental sanction for the filling of posts and b) the availability of budgetary resources to meet the salaries of any approved positions). The posts for which sanction will be considered include Archivist / Records Manager, Project

Comhairleoir Séadchomharthaí Allamuigh, Ailtire, Oifigeach Bithéagsúlachta, Coimeádaí, Oifigeach Gaeilge. Tacú le cláir a bhunú maidir le Scríbhneoir Cónaitheach, Léitheoir Cónaitheach, Ealaíontóir Cónaitheach, Staraí Cónaitheach.

Gníomhartha Bhliain 1

- Ciste Cultúir a bhunú ó airgead a fhaightear ó Thobhaigh Thaitheamhachta agus an ciste sin a úsáid chun tacú le tionscadail chultúrtha ar fud an chontae sa bhliain 2019.
- Féachaint le poist ar leith a chruthú agus a líonadh ar bhonn conartha gearrthéarmach chun obair thionscadail a dhéanamh i réimse na seirbhísí cultúrtha agus aird a tharraingt ar luach na bpost sin don eagraíocht agus don chontae araon.
- Scríbhneoir Cónaitheach a cheapadh chun oibriú i gcomhar leis an tSeirbhís Leabharlainne i rith na Féile Leabhar náisiúnta do Leanaí i bhFómhar na bliana 2018 agus beifear in ann, mar thoradh air sin, údar aitheanta a thabhairt isteach sna Leabharlanna chun glúin iomlán leanaí a chur i dteagmháil le leabhair agus litríocht.
- I gcomhpháirtíocht le Dámh na Mí agus Comharchumann Ráth Chairn, tacaíocht a thabhairt do chartlannaí gairmiúil i ndáil le cartlann a bhunú agus a bhainistiú i Ráth Chairn.
- Tacú le hEalaíontóir Cónaitheach, Staraí Cónaitheach agus Scríbhneoir Cónaitheach a bhunú.

**6.3. Tosaíocht Straitéiseach: ealaíontóirí agus cruthaitheoirí a chothú agus tacú leo**

Aithníonn Comhairle Contae na Mí go bhfuil cultúr ina ghné bhunúsach de phobail bhríomhara agus inbhuanaithe, agus go bhfuil forbairt chultúrtha mar chuid dhílis de bheocht, d'fhorbairt shóisialta agus d'fhorbairt eacnamaíoch na bpobal sin i gcoitinne. Tá Comhairle Contae na Mí tiomanta

Archaeologist, Field Monuments Advisor, Architect, Biodiversity Officer, Curator, Irish Language Officer. Support the establishment of writer-in-residence, reader-in-residence, artist-in-residence and historian-in-residence programmes.

Year 1 Actions

- To work towards establishing a Culture Fund from monies generated by Amenity Levies and to use this fund to support countywide cultural projects in 2019.
- To seek the creation and filling of selected vacancies on short-term contract bases to deliver project work in cultural services and to highlight the value of these positions both to the organisation and to the county.
- To appoint a writer-in-residence to work in conjunction with the Library Service for the duration of national Children's Book Festival in Autumn 2018 which will bring an established author into libraries and engage a whole generation of children with books and literature.
- To support a professional archivist in establishing and managing an archive in Ráth Chairn, in partnership with Dámh na Mí and Comharcumann Ráth Chairn.
- Support the establishment of artist-in-residence, historian-in-residence and writer-in-residence..

**6.3. Strategic Priority: to nurture and support artists and creators**

Meath County Council recognises that culture is a fundamental element of vibrant and sustainable communities, and that cultural development is an integral part of its vitality, broader social and economic development.







'Me, Molly & Moo' ag Cruinniú 2018
*'Me, Molly & Moo' at Cruinniú 2018*

i leith saol oibre cruthaitheach a chothú do chruthaitheoirí agus d'ealaíontóirí gairmiúla ag gach céim dá ngairmréim. Tríd an Oifig Ealaíon, trí Solstice Arts Centre, tríd an Oifig Oidhreachta agus tríd an tSeirbhís Leabharlainne, cuireann Seirbhísí Cultúrtha Chomhairle Contae na Mí, tacaíocht ar fáil trí raon deontas d'ealaíontóirí agus trí dhreasachtaí forbartha a chuireann ar chumas ealaíontóirí agus a saothair pointí comhshamhlaithe agus machnaimh, tuisceana, agus inspioráide a chur ar fáil do dhaoine aonair, do ghrúpaí, agus don phobal. Tá ról lárnach ag ealaíontóirí maidir le léiriú a thabhairt ar na gnéithe sainiúla a bhaineann le contae ar leith, leis na nithe is cás leis agus lena phobail.

Cothóimid ealaíontóirí agus cruthaitheoirí agus tacóimid leo tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **Tacú le saol oibre ealaíontóirí:** a) fostú ealaíontóirí, ar bhonn gairmiúil, ag Comhairle Contae na Mí a mhéadú; b) infheistíocht a dhéanamh i ngradaim Chomhairle Contae na Mí d'ealaíontóirí; c) tionscnaíocht a spreagadh i ngníomhaireachtaí áitiúla amhail LEO (Oifig Fiontair Áitiúil) na Mí agus Comhpháirtíocht na Mí; d) luach saothair stuama a mholadh d'ealaíontóirí atá ag obair sa chontae agus níos faide ó bhaile.
- **FÉACH a chur chun cinn**–*fiontraíocht, cultúr, ealaíona & oidhreacht a chur chun cinn* chun tacú le healaíontóirí trí oiliúint, trí dheiseanna i leith forbairt ghairmiúil leanúnach agus meantóireachta agus trí chuidiú le healaíontóirí nua, le healaíontóirí atá ag teacht chun cinn agus le healaíontóirí seanbhunaithe i dtaca lena saothar a chur ar fáil ar bhonn gairmiúil.
- **Deiseanna taighde agus forbartha gairmiúla a chur ar fáil d'ealaíontóirí** trí infheistíocht airgeadais, bhonneagair agus oiliúna gairmiúla.

Meath County Council commits to nurturing a creative working life for professional artists and creators at all stages of their career. Meath County Council Cultural Services, through the Arts Office, Solstice Arts Centre, Heritage Office and Library Service, provides supports through a range of artist's grants and development incentives enabling artists and their work to provide points of assimilation and reflection, understanding, and inspiration to individuals, groups, and the community. Artists are at the heart of articulating a county's distinctive expression of itself, its concerns and its peoples.

We will nurture and support artists and creators by:

- **Supporting the working lives of artists:** a) increase Meath County Council's professional engagement of artists; b) invest in Meath County Council's artist awards; c) encourage initiative with local agencies such as Meath LEO and Meath Partnership; d) advocate responsible remuneration for artists working in the county and beyond.
- **Promoting FÉACH**–*furthering enterprise, arts culture & heritage* supporting artists through training, continuing professional development and mentorship opportunities and assisting new, emerging and established artists in the professional delivery of their work
- **Providing research and professional development opportunities for artists** through financial, infrastructural and professional training investment.





- **Saothar ealaíontóirí a chur chun cinn agus a mholadh** trí straitéis chumarsáide maidir le cleachtas ealaíon, obair a scaipeadh ar lucht féachana/éisteachta náisiúnta, agus ar luch féachana/éisteachta idirnáisiúnta nuair is cuí sin, agus comhpháirtíocht comhoibríocha a dhéanamh le geallsealbhóirí rialtais agus cruthaitheacha.
- **Deiseanna do ghuth aonair ealaíontóirí a bheith ann, agus chun guth aonair ealaíontóirí a chur san áireamh**, i dtionscnaimh chontae, réigiúnacha agus náisiúnta.

Gníomhartha Bhliain 1

- Beartas comhtháite a fhorbairt do Chomhairle Contae na Mí trína cuid gníomhaíochtaí uile, chun tacú le forbairt slite beatha ealaíontóirí
- Plean spásúlachta a chur chun cinn chun spásanna stiúideo d'ealaíontóirí a chruthú sa chontae a léiríonn cleachtais éagsúla
- Moltaí a mheasúnú agus a dhéanamh chun na struchtúir atá ann cheana féin i leith gradam a athfhorbairt chun léiriú a dhéanamh ar riachtanais ealaíontóirí ar leithligh ag céimeanna éagsúla dá ngairmréimeanna
- Infheistíocht airgeadais láithreach a dhéanamh i nGradam Forbartha Ealaíontóra Ghairmiúil Chomhairle Contae na Mí
- Lá Líonrúcháin Ealaíon a chur ar fáil d'ealaíontóirí agus do chruthaitheoirí a chónaíonn agus a oibríonn sa chontae
- Forbairt chumarsáide a chur chun cinn, ar an ngréasán agus i gcló araon, ar mhaithe le faisnéis faoi ealaíontóirí agus faoina saothair a scaipeadh agus a chur chun cinn

- **Promoting and advocating the work of artists** through a communications strategy of arts practice, dissemination of work to national, and international audiences where suitable and partnering in creative collaborations with governmental and creative stakeholders**.**
- **Providing opportunities for and inclusion of the individual voice of artists** in county, regional and national initiatives.

Year 1 Actions

- To develop a cohesive Meath County Council policy for supporting the development of artists' livelihoods through all its activities
- To progress a spatial plan for the creation of artist studio spaces in the county reflective of diverse practices
- To evaluate and make recommendations for the redevelopment of existing award structures to reflect the needs of individual artists at varying stages of their careers
- To further immediate financial investment in Meath County Council's Professional Development Artist Award
- To provide an Arts Networking Day for artists and creators living and working in the county
- To progress the development of communication, both web-based and print, for the dissemination and promotion of artists and their work

**6.4. Strategic Priority: To enhance our local cultural and creative infrastructure**
Aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le rochtain a bheith ag ealaíontóirí ar bhonneagar cuí chun saothair a chruthú, a thaispeáint agus a léiriú agus spás inacmhainne a chur ar fáil d'ealaíontóirí agus do chruthaitheoirí chun ealaíon a cheapadh agus a dhéanamh. Cuidiú le pobail chun spreagadh cruthaitheach, cultúrtha agus eacnamaíoch a fhorbairt chun tacú le réimse poiblí tarraingteach agus féiniúlacht phobail. Leanúint de thacaíocht a thabhairt d'ionaid, lena n-áirítear Solstice Arts Centre, mar ionaid de chineál idirnáisiúnta agus mar bhonn tacaíochta d'ealaíontóirí, agus feabhas a chur ar a chuid saoráidí nuair is cuí; do leabharlanna chun tairseacha agus deiseanna riachtanacha a chur ar fáil d'ealaíontóirí; do Toradh Gallery, Cill Dhéagláin, i leith a chláir forbartha agus cianrochtana uile-chontae. Pleanáil a dhéanamh maidir le forbairt roinnt mol Cruthaitheacha / Cultúir sa chontae – Mol Cruthaitheach Theach Cúirte Cheanannus Mór; Stiúideo Clódóirí Cheanannus Mór; Ionad Amharclannaíochta Pobail & Cultúrtha Bhaile Átha Troim; Teachín Francis Ledwidge; Teach Cúirte Dhún Seachlainn. Timpeallacht a chur ar fáil agus a choinneáil ina gcothaítear na tionscail chruthaitheacha agus inar féidir leo déanamh go maith. Tús a chur le sraith tionscadal uaillmhianach chun feabhas mór a chur ar chaighdeán beatha na n-ealaíontóirí anseo trí dheiseanna a chur ar fáil ar feadh na bliana do chomhoibriú, do léiriú agus, go háirithe, d'ioncam. Fócas a chur ar fáil do thionscnaimh chultúir de chineál áitiúil, gairmiúil, amaitéarach agus pobail agus do na tairbhí a ghintear mar thoradh air sin ó thaobh cúrsaí cruthaitheachta agus eacnamaíochta de. Bonn cobhsaí le haghaidh iarrachtaí ealaíne ardchaighdeáin agus spás le haghaidh idirphlé a chur ar fáil. 'Moil' a chruthú chun tacú le cur i bhfeidhm Éire Ildánach 2018 – 2022 agus ailíniú a dhéanamh leis na prionsabail oibriúcháin a bhaineann le comhoibriú agus cumarsáid, le cumhachtú pobail agus le hidirnáisiúnú.

**6.4 Strategic Priority: To enhance our local cultural and creative infrastructure**
To address challenges to artists in accessing appropriate infrastructure for the creation, display and performance of work and to provide artists and creators with affordable space to devise and make art. To assist communities with the development of creative, cultural and economic stimulus to support an attractive public realm and community identity. To continue support to venues including Solstice Arts Centre as an international standard venue and support base for artists and enhance its facilities where appropriate; libraries in the provision of vital opportunities and portals for artists; the Toradh Gallery, Ashbourne, for its county wide development and outreach programme. Plan for the development of a number of Creative / Cultural hubs in the county – Courthouse Kells Creative Hub; Print Works Studio Kells; Trim Community Theatre & Cultural Centre; the Francis Ledwidge Cottage; Dunshaughlin Courthouse. Provide and sustain an environment where the creative industries are nurtured and can flourish. Initiate a series of ambitious projects to greatly enhance the quality of life of artists here by providing year round opportunities for collaboration, expression and, importantly, income. Provide a focus for local, professional, amateur and community cultural initiatives and for the creative and economic benefits generated as a result. Provide a stable base for high quality artistic endeavour and space for dialogue. Create 'Hubs' to support the implementation of Creative Ireland 2018 – 2022 and align with the operating principles of collaboration and communication, community empowerment and internationalisation.





Gníomhartha Bhliain 1

- **Mol Cruthaitheach, an Teach Cúirte, Cheanannus Mór**
  Pleananna a fhorbairt do spás inacmhainne ag Mol Cruthaitheachta Fhoirgneamh Theach na Cúirte, Ceanannus Mór, (CKCH), agus acmhainní maithe ann d'ealaíontóirí i ngach disciplín agus ina gcuimseofar spás oifige, stiúideo agus spás oibre d'ealaíontóirí / do scríbhneoirí / do cheoltóirí, bunáit d'fhéilte ealaíon Ceanannus Mór, spás taispeántais agus ionad beag le haghaidh ceardlann, cainteanna, léachtaí, ceadal ceoil, ceolchoirmeacha, etc. Deiseanna maoinithe i gcomhair oibreacha caipitiúla a shainaithint agus a shaothrú. Plean gnó agus straitéis oibríochtúil nuálach, leathan a fhorbairt do CKCH.
- **Stiúideo Chlólann Ceanannus Mór**
  Oibriú le Stiúideonna Mhuilte Sábhadóireachta Cheanannais agus le Rannóg Pobail Chomhairle Contae na Mí chun an chéad ionad clóghrafaíochta in Éirinn a bhunú chun litreoireacht mar fhoirm ealaíne a cheiliúradh agus dá réir sin leas a bhaint as stair uathúil litreoireachta Ceanannus Mór. Deiseanna maoinithe i gcomhair oibreacha caipitiúla a shainaithint agus a shaothrú. Plean gnó agus samhail oibríochtúil a fhorbairt do na Stiúideonna na Clólainne. Na clóphreasanna agus na uirlisí gaolmhara Victeoiriacha ar thángthas orthu le déanaí a chaomhnú agus a chur ar taispeáint. Stiúideo oibre a bhunú chun eagrán teoranta d'ábhar clóite saincheaptha a tháirgeadh agus deiseanna oiliúna agus cláir oideachais a chur ar fáil.

Year 1 Actions

- **Courthouse, Kells, Creative Hub**
  Develop plans for affordable, well-resourced space for artists across all disciplines at Courthouse Building Creative Hub, Kells, (CKCH), to include office space, artists / writers / musicians studio and work space, a base for Kells arts festivals, exhibition space and small venue for workshops, talks, lectures, music recitals, concerts etc. Identify and pursue funding opportunities for capital works. Develop business plan and wide-ranging, innovative operational strategy for CKCH.
- **Printworks Studios Kells**
  Work with the Sawmills Studios Kells and Meath County Council Community Department to establish Ireland's first typographic centre celebrating lettering as an art form thus capitalising on Kells' unique history of lettering. Identify and pursue funding opportunities for capital works. Develop a business plan and operational model for the Printworks Studios. Conserve and showcase the recently discovered Victorian printing presses and associated tools. Establish a working studio to produce bespoke limited edition printed material and deliver training opportunities and education programmes.

- **Ionad Amharclannaíochta Pobail agus Cultúrtha Bhaile Átha Troim**
  Leanúint den iniúchadh maidir le hamharclann/leabharlann phobail agus saoráidí cultúrtha a fhorbairt ar láithreán Leabharlann Bhaile Átha Troim. *Oibriú leis an bpobal áitiúil agus le ranna éagsúla de chuid Chomhairle Contae na Mí chun pleananna agus moltaí a fhorbairt*. Deiseanna maoinithe i gcomhair oibreacha caipitiúla a shainaithint agus a shaothrú.
- **Clár leathnaithe Toradh Gallery**
  Toradh 2 a bhunú sa Mhol Cruthaitheachta ag Teach Cúirte Ceanannus Mór.
- **Spás Ealaíon Dhún Seachlainn**
  Oibriú le grúpaí ealaíon áitiúla agus le daoine aonair chun spás ealaíon ilfheidhme a fhorbairt ag Teach Cúirte Dhún Seachlainn.

**6.5. Tosaíocht Straitéiseach: Eolas a Chur ar Ár nÁit**

Baineann oidhreacht agus cultúr leis an nasc agus leis an gcaidreamh idir daoine agus áit. Nuair a fhéachaimid ar thírdhreach Chontae na Mí feicimid iarsmaí agus loirg ó ghlúnta a bhí ann romhainn ar iarsmaí agus loirg iad atá ina gcuid dhílis den cheantar – séadchomharthaí ársa, toibreacha naofa, pátrúin lonnaíochta thar na mílte bliain, fálta sceach, ballaí cloiche, geataí gaibhnithe, talamh feirme, logainmneacha, litríocht, stair, miotas agus béaloideas ar nithe iad ar fad a insíonn scéal atá lárnach dár bhféiniúlacht agus dár gceangal le háit.

Tá na háiteanna inar fhás muid suas, agus an áit ina gcónaímid, chomh maith leis na luachanna a ghabhann leo, greanta ar ár n-intinn. Tá ár bhfreagairtí mothúchánacha ar an áit ar a dtugaimid 'ár n-áit dúchais' bunaithe ar ár n-eispéiris agus ar ár gcuimhní agus ar thuiscintí a thugtar ó ghlúin go glúin. Má tá eolas agus tuiscint againn ar ár n-áit beidh tuiscint againn orainn féin.

- **Trim Community Theatre and Cultural Centre**
  Continue to explore the development of a community theatre/library and cultural facilities at Trim Library site. *Work with the local community and cross-section of Meath County Council departments to develop plans and proposals*. Identify and pursue funding opportunities for capital works.
- **Toradh Gallery County expansion programme**
  Establish Toradh 2 at the Courthouse Kells Creative Hub.
- **Dunshaughlin Arts Space**
  Work with local arts groups and individuals towards the development of a multi-purpose arts space at Dunshaughlin Courthouse.

**6.5. Strategic Priority: To Know Our Place**

Heritage and culture are about the connection and interaction between people and place. When we look at the landscape of Meath we see the remnants and footprints of successive generations embedded all around us – the survival of ancient monuments, holy wells, settlements patterns over thousands of years, hedgerows, stone walls, forged gates, farmed land, place names, literature, history, myth and folklore all tell a story central of our identity and sense of place.

The places where we grew up, and where we live, are imprinted on our minds as are the values we attach to them. Our emotional responses to our 'home place' are based on our experiences, memories and perceptions passed down from generation to generation. To know and understand our place is to know ourselves.





**I measc na bpríomhchuspóirí agus na ngníomhartha straitéiseacha atá le cur i bhfeidhm áirítear an méid seo a leanas:**

- Oidhreacht chultúrtha shaibhir na Mí a chur chun cinn agus a chur in iúl
- Tacú le cúram agus caomhnú na mbailiúchán cultúrtha
- Ár dtuiscint faoi chultúr agus faoi oidhreacht na Mí a mhéadú trí chlár gníomhaíochtaí taighde, feasachta, oideachais agus oiliúna
- Cruthaíonn próiseas éifeachtach maidir le **Comhfhorbairt Áite** spásanna poiblí ardchaighdeáin trí leas a bhaint as sócmhainní áitiúla agus cuireann sé le caighdeán saoil, le folláine agus leis an gceangal le háit – Sraith/painéal ealaíontóirí a choimisiúnú chun oibriú leis an Údarás Áitiúil ar X tionscadal píolótach le go mbeidh cur chuige cruthaitheach comhoibríoch ann i leith **comhfhorbairt áite** – trí spásanna poiblí a dhearadh agus a athshamhlú

Gníomhartha Bhliain 1

- **Clár foilsitheoireachta áitiúil** a bhunú ina gcuimseofar ítimí ardchaighdeáin amhail leabhair, leabhráin, comharthaíocht léirmhínitheach, clostreoracha, gréasán agus ardáin ar na meáin shóisialta
- Tacú le **bainistiú bailiúchán** trí chabhair a thabhairt maidir leis na nithe seo a leanas: suirbhéireachtaí ar an riocht ina bhfuil siad, dálaí comhshaoil, bailiúcháin a láimhseáil agus a stóráil, áiseanna taispeántais, pleanáil agus oiliúint maidir le tubaistí
- Imeacht bliantúil '***Sraith Comhráite Cultúrtha***' a fhorbairt chun gnéithe de chultúr na Mí a iniúchadh agus ceangal a dhéanamh le dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta

**Key strategic objectives and implementing actions include:**

- To promote and communicate Meath's rich cultural heritage
- To support the care and conservation of cultural collections
- To increase our understanding of Meath's culture and heritage through a programme of research, awareness, education and training activities
- An effective **Placemaking** process creates quality public spaces drawing on local assets contributes to peoples quality of life, well being and sense of place – Commission a series/panel of artists to work with the Local Authority on X pilot projects to bring a creative and collaborative approaches to **placemaking** – by designing and re-imagining public spaces

Year 1 Actions


- Establish a **local publication programme** for high quality books, booklets, interpretative signage, audio guides, web and social media platforms
- Support **collections management** through condition surveys, environmental conditions, handling and storage of collections, exhibition facilities, disaster planning and training
- Develop an annual '***Cultural Conversations Series***' event to explore aspects of Meath culture and connect with national and international best practice

- Pobail agus grúpaí áitiúla a áireamh i ndáil le **haire a thabhairt do shéadchomharthaí seandálaíochta a bhfuil teacht ag an bpobal orthu agus i ndáil le cur i láthair na séadchomharthaí sin**, ar mhaithe le pobail áitiúla agus cuairteoirí araon – e.g. Scéim 'Roghnaigh Séadchomhartha'
- 3/4 **shuiteáil mórscála a bhaineann go sonrach leis an áit ina bhfuil siad a choimisiúnú chun tírdhreach na Mí a cheiliúradh** agus iniúchadh a dhéanamh ar an gcaidreamh idir daoine agus áit
- **Scéim Ealaíontóirí, Staraithe agus Staidéir Áitiúil Scoile** a bhunú – chun tionscadail chomhoibríocha le bunscoileanna sa chontae a fhorbairt
- Tacú le **Tionscadal Ainmneacha Páirce na Mí trí threoir bainistíochta sonraí**

- Engage local communities and groups in **caring for and presenting publically accessible archaeological monuments** for the benefits of local communities and visitors alike – e.g. Adopt a Monument Scheme
- Commission 3/4 **large scale site-specific installations to celebrate Meath's landscape** and explore the relationship between people and place
- Establish **Artist, Historian and Local Studies in School Scheme** – to develop collaborative projects with primary schools in the county
- Support the **Meath Field Names Project through data management guidance**








Aghaidh clúdach leabhar nua faoi Oldcastle Camp
*Front cover of publication on Oldcastle Camp*

# 7 Feidhmiú
## Implementation

TÁ TÚS ÁITE tugtha ag Foireann Sheirbhísí Cultúir Chomhairle Contae na Mí do na príomhthascanna seo a leanas atá le críochnú sa bhliain 2018 chun tacú le cur i gcrích Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta an chontae.

- Cartlann a bhunú agus a bhainistiú i Ráth Chairn, i gcomhar le Dámh na Mí agus Comharchumann Ráth Chairn, agus le tacaíocht ó chartlannaí gairmiúil.
- Ciste Cultúir a bhunú ó airgead a ghintear ó Thobhaigh Thaitneamhachta agus an ciste sin a úsáid chun tacú le tionscadail chultúrtha uile-chontae sna blianta amach romhainn.
- Tacú le forbairt straitéiseach Fhéilte amhail Hinterland agus Guth Gafa chun cláir ardleibhéil agus ard-infheictheachta a chur ar fáil.
- Cumas cruthaitheach gach linbh a chothú trí Chruinniú a bhunú agus a chothú sa chontae.
- Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhíonn ag ealaíontóirí trí spás inacmhainne a chur ar fáil chun ealaín a cheapadh agus a dhéanamh agus trí spás stiúideo oiriúnach a chur ar fáil chun saothair a chruthú, a thaispeáint agus a léiriú.
- Lá Líonraithe Ealaíon a éascú d'ealaíontóirí agus do chruthaitheoirí a chónaíonn agus a oibríonn sa chontae.
- Gradam Cruthaitheachta Solstice a bhronnadh ar thionscadal ealaíon poiblí sárchaighdeáin a chothaíonn comhoibriú idir daoine nó pobail i gContae na Mí agus ealaíontóirí gairmiúla agus eagraíochtaí ealaíon.
- Páirt a ghlacadh sa Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte chun tacú le hathbheochan bailte agus sráidbhailte chun timpeallacht chultúrtha, mhaireachtála agus oibre a bpobal a fheabhsú.
- Scríbhneoir Cónaitheach a cheapadh chun oibriú leis an tSeirbhís Leabharlainne ar an bhFéile Leabhar Leanaí náisiúnta i bhFómhar na bliana 2018.

MEATH COUNTY COUNCIL Cultural Services Team has prioritised the following key tasks to be completed in 2018 to support the delivery of the county's Culture and Creativity Strategy.

- Establish and manage an archive in Ráth Chairn, in partnership with Dámh na Mí and Comharcumann Ráth Chairn, and with the support of a professional archivist.
- Work towards establishing a Culture Fund from monies generated by Amenity Levies and use this fund to support countywide cultural projects in the coming years.
- Support the strategic development of Festivals such as Hinterland and Guth Gafa delivering high-level and high-visibility programmes.
- Foster the creative potential of every child by establishing and embedding Cruinniú in the county.
- Address challenges to artists by providing affordable space to devise and make art and appropriate studio space for the creation, display and performance of work.
- Facilitate an Arts Networking Day for artists and creators living and working in the county.
- Award the Solstice Creative Award to a public arts project of brilliance that fosters collaboration between people or communities in Meath with professional artists and arts organisations.
- Engage with the Town and Village Renewal Scheme to support the revitalisation of towns and villages to improve the cultural, living and working environment of their communities.
- Appoint a writer-in-residence to work with the Library Service for national Children's Book Festival in Autumn 2018.



- Féachaint le post gairmiúil mar Chartlannaí a chruthú agus a líonadh trí phróiseas meastachán na bliana 2019.
- Clár Phlean Oidhreachta Chontae na Mí 2018 a chur ar fáil.
- Clár foilsitheoireachta áitiúil a bhunú ina gcuimseofar ítimí ardchaighdeáin amhail leabhair, leabhráin, comharthaíocht léirmhíniúcháin, clostreoracha, gréasán agus ardáin ar na meáin shóisialta.
- Dhá ghradam nua bhliantúla Chomhairle Contae na Mí do Scríbhneoireacht Chruthaitheach a bhunú: Gradam Filíochta Francis Ledwidge agus Gradam Gearrscéalta Mary Lavin.
- Gach gníomhaíocht ealaíne, chultúrtha agus oidhreachta a neartú, agus tacú leo, trí chúnamh deontais do ghrúpaí agus do chleachtóirí a mhéadú.
- Oidhreacht Liteartha Chontae na Mí a leathnú, agus cur léi, trí oibreacha tábhachtacha Francis Ledwidge, Mary Lavin agus daoine eile atá as cló a athfhoilsiú.
- Deich mBliana na gCuimhneachán sa bhliain 2018 a cheiliúradh trí Oldcastle Camp 1914–1918: An Illustrated History a fhoilsiú agus tríd an seimineár Mná na hÉireann a bhaineann le vóta a thabhairt do mhná.
- Díriú ar athnuachan Cheanannus Mór, faoi threoir na hoidhreachta, mar chuid de Thionscnamh Bhailte Stairiúla na hÉireann 2018.

- Seek the creation and filling of the professional post of Archivist through the 2019 estimates process.
- Deliver County Meath Heritage Plan Programme 2018.
- Set up a local publication programme for high quality books, booklets, interpretative signage, audio guides, web and social media platforms.
- Establish two new annual Meath County Council Creative Writing Awards: The Francis Ledwidge Poetry Award and The Mary Lavin Short Story Award.
- Strengthen and underpin all artistic, cultural and heritage activity by increasing grant assistance to groups and practitioners.
- Expand and build on Meath's Literary Heritage through the re-publication of important out-of-print works by Francis Ledwidge, Mary Lavin and others.
- Mark 2018 in the Decade of Centenaries with publication of *Oldcastle Camp 1914–1918: An Illustrated History* and through Mná na hÉireann a seminar on female suffrage. Work towards the heritage-led regeneration of Kells in the Historic Irish town Initiative 2018.

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*
2017–2022